



lyit

Rialacha Seasta na Comhairle Acadúla

1. *Sainmhínte*

Ciallóidh tromlach simplí tromlach na mball atá i láthair agus ag vótáil ag cruinniú bailí den chomhairle.

Ciallóidh tromlach speisialta dhá thrían na mball atá i láthair ag cruinniú bailí den chomhairle.

2. *Glacadh, leasú agus fionraí*

Mairfidh na rialacha seasta seo i bhfeidhm, tar éis a bhfaomhadh le tromlach speisialta, seachas mar a fhoráiltear anseo thíos.

Féadfar rialacha seasta a athrú nó a leasú ag tromlach speisialta ach fógra cuí uime sin a sheachadadh chuig gach ball den chomhairle seachtain amháin ar a laghad roimh an cruinniú ag a bhfuil sé i gceist na Rialacha Seasta a athrú nó a leasú.

Féadfar rialacha seasta a chur ar fionraí nó a athrú in éifeacht, do chuid ar bith de chruinniú ar bith den chomhairle, sa chás go gcinneann na baill atá i láthair amhlaidh le tromlach simplí.

3. *Córam*

Sé an córam is gá chun cruinniú bailí den chomhairle a thionól ná leath de bhallraíocht na comhairle móide duine amháin.

4. *Cruinnithe*

- 4.1 De ghnáth tionólfar cruinnithe trí huaire i ngach seimeastar ar a laghad. Féadfar cruinnithe breise a thionól de réir mar a mheasann an chomhairle gur gá é sin. Déanfaidh an chomhairle iarracht cur isteach ar amchláir theagaisc na mball a íoslaghdu nuair atá amanna agus dátaí na gcrúinnithe á socrú. Déanfaidh baill foirne a bhfuil cúram amchláir orthu iarracht a chinntiú go mbeidh baill den Chomhairle Acadúil ar fáil le haghaidh cruinnithe Comhairle agus Coiste.

- 4.2 Mura gcinntear a mhalairt le tromlach simplí den chomhairle, socrófar cruinnithe sa chaoi nach mairfidh siad níos faide ná uair an chloig go leith, ach féadfar é sin a shíneadh má aontaíonn na baill atá i láthair chuige sin. Déanfaidh an Cathaoirleach iarracht an gnó a chríochnú taobh istigh den tréimhse atá leagtha síos, ach aird cuí a thabhairt ar gach mír atá ar an chlár gnó. Leagann ballraíocht na Comhairle Acadúla agus Coistí freagracht ar bhaill maidir le tinreamh agus ualach oibre.
- 4.3 Féadfar cruinniú speisialta ar chlár gnó teoranta a thionól ar chinneadh na comhairle nó ar chinneadh an Uachtaráin. Féadfaidh an rúnaí nó an cathaoirleach cruinniú speisialta a ghairm chomh maith ar iarratas scríofa ó líon nach lú ná trian de bhaill na comhairle a luann aidhm an chruinnithe. Beidh gnó an chruinnithe speisialta teoranta don aidhm atá luaite.
5. ***Nós imeachta ag cruinnithe***
- 5.1 Oslóidh an cathaoirleach an cruinniú ag an am atá ceaptha nó chomh luath ina dhiaidh sin is atá córam i láthair.
- 5.2 Sé an tUachtarán a bheidh mar chathaoirleach na comhairle agus a bheidh mar chathaoirleach ar gach cruinniú ach é/í a bheith i láthair.
- 5.3 Sé Cláraitheoir na hInstitiúide a bheidh mar rúnaí na comhairle.
- 5.4 Sa chás nach bhfuil an tUachtarán i láthair, sé an rúnaí a osclóidh an cruinniú nó a leanfaidh leis. I gcás dá leithéid, sé céad ghnó eile an chruinnithe ná cathaoirleach don chruinniú nó do chuid den chruinniú a thoghadh as baill na comhairle atá i láthair. Iarrfaidh an rúnaí go n-ainmneofar ball mar chathaoirleach don chruinniú. Má dhéantar níos mó ná ainmniúchán bailí amháin, cuirfear an cheist chun vóta, agus beidh an ball a fhaigheann an líon is mó vótaí mar chathaoirleach ar an chruinniú le linn don Uachtarán a bheith as láthair.
- 5.5 Sa chás nach bhfuil an Cláraitheoir i láthair, sé an cathaoirleach a osclóidh an cruinniú. I gcás dá leithéid, sé céad ghnó eile an chruinnithe ná rúnaí a thoghadh as baill na comhairle atá i láthair. Iarrfaidh an cathaoirleach go n-ainmneofar ball mar rúnaí don chruinniú. Má dhéantar níos mó ná ainmniúchán bailí amháin, cuirfear an cheist chun vóta, agus beidh an ball a fhaigheann an líon is mó vótaí mar rúnaí le linn don Chláraitheoir a bheith as láthair.
- 5.6 Sa chás go bhfuil an tUachtarán agus an Cláraitheoir araon as láthair, féadfaidh na baill atá i láthair a chinneadh le tromlach simplí an cruinniú a thionól. I gcás dá leithéid, sé céad ghnó an chruinnithe ná cathaoirleach agus rúnaí a thoghadh de réir na rialacha seasta.

5.7 Déanfaidh an cathaoirleach gnó an chruinnithe a riaradh de réir an chláir ghnó a glacadh ag tús an chruinnithe. Féadfar cruinniú a chur ar athló chuig dáta sainithe trí vóta le tromlach simplí.

6. **Clár Gnó**

6.1 Ullmhóidh an Cláraitheoir, nó ina éagmais oifigeach eile den choláiste a cheapfaidh an tUachtarán, clár gnó do gach cruinniú. Déanfar clár gnó agus fógra le haghaidh gnáthchruinnithe a sheachadadh chuig gach ball den chomhairle seachtain amháin ar a laghad roimh dháta an chruinnithe, i dteannta doiciméadúcháin chuí. Fógrófar an clár gnó um chruinniú speisialta do na baill idir dhá lá oibre agus cúig lá oibre roimh dháta an chruinnithe.

6.2 Cuirfear mír ar chláir gnó atá molta ar threoir na comhairle nó ar iarratas ón chomhlacht rialaithe, ón Uachtarán, ó choiste ar bith den chomhairle nó ó bhall ar bith den chomhairle. Cuirfear dréacht de dhátaí cruinnithe na Comhairle Acadúla, agus spriocdhátaí maidir le míreanna don chláir gnó a chur isteach, ar fáil do na baill foirne uile.

6.3 Is mar seo a leanas a leagfar amach an clár gnó le haghaidh gnáthchruinnithe na comhairle

1. Faomhadh an chláir ghnó atá molta
2. Leithscéalta a fuarthas
3. Miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo
4. Gnóthaí ag éirí
5. Comhfhreagras
6. Tuairisc an Chláraitheora
7. Tuairiscí ó choistí
8. Míreanna ar chláir gnó ar iarratas ón chomhairle, ón chomhlacht rialaithe, ón Uachtarán, ó choiste nó ó bhall den chomhairle
9. Aon ghnó eile

Ag deireadh gach cruinnithe cinnfidh an chomhairle cad tá le déanamh maidir le míreanna ar chláir gnó nach sroictear le linn an chruinnithe.

7. **Miontuairiscí**

7.1 Coimeádfar miontuairiscí maidir le gach cruinniú den chomhairle agus dá coistí uile.

Déanfar na dréacht-mhiontuairiscí de chruinnithe na comhairle a sheachadadh chuig gach ball den chomhairle taobh istigh de sheachtain ó dháta an chruinnithe.

7.2 Coimeádfar cuntas ins na miontuairiscí ar gach rún den chomhairle agus, sa chás gur trí vóta a glacadh leis an rún, toradh na vótála sin. Féadfar easaontas baill a thuairisc má iarrtar é sin. Cuimseoidh na miontuairiscí freisin, chomh fada agus

is praiticiúil é sin, achoimre na díospóireachta maidir le gach mír ar chlár. De gnáth ní luafar tuairimí le baill ar leith ach féadfar tuairim aon bhaill a lua leis/léi má iarrtar é sin tráth na díospóireachta. Más cuí, léireoidh rúin na comhairle cén bheartas atá ar intinn ag an chomhairle, cé hiad mheastar is cuí chun an beart seo a dhéanamh agus cad é an tuairisc ar ais is mian leis an chomhairle. Léireofar é seo ins na miontuairiscí.

Déanfaidh oifig an Chláraitheora comhfhreagras faoi ábhair atá le cur ar aghaidh chuig coistí, an Bord Feidhmiúcháin agus eile taobh istigh de sheachtain amháin ó chruinniú na Comhairle Acadúla.

Sa chás go nglaoonn rún ón chomhairle ar chinneadh nó ar ghníomh ag duine nó ag dream, déanfaidh an rúnaí an rún a sheoladh go díreach chuig an duine nó an dream sin seachas scaipeadh na miontuairiscí. Seolfaidh an rúnaí moltaí don chomhlacht rialaithe chuig an Rúnaí/Rialtóir Airgeadais mar rúnaí an chomhlachta rialaithe le cur isteach ar chlár gnó an chomhlachta rialaithe.

- 7.3 Beidh glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin mar mhír ar chlár gnó tar éis glacadh leis an chlár gnó. Glacfar leis go bhfuil na dréacht-mhiontuairiscí a scaipeadh léite agus ní féidir iad a phlé ag an chruinniú ach amháin sa chás go dtugtar dúshlán faoina gcruinneas.
- 7.4 Nuair a ghlactar leis na miontuairiscí, le leasú nó gan leasú, féadfaidh baill ceisteanna a ardú ar ghnóthaí ag éirí astu.
- 7.5 Síneadh an cathaoirleach agus an rúnaí na miontuairiscí mar a ghlacann an chomhairle leo agus scaipfead coipeanna de na miontuairiscí sínithe ar bhaill na comhairle agus ar bhaill foirne uile na hInstitiúide taobh istigh de sheachtain amháin ón chruinniú.

8. ***Tinreamh***

Coimeádfaidh an rúnaí clár tinrimh ag cruinnithe na comhairle.

Léifidh an rúnaí aon leithscéalta ó bhaill atá as láthair i ndiaidh an phlé, más ann dó, ar cheisteanna ag éirí as na miontuairiscí.

9. ***Comhfhreagras***

- 9.1 Cuirfidh an rúnaí an cruinniú ar an eolas maidir le gach comhfhreagras a fuarthas le hachóimre gairid agus ainm an chomhfhreagraí. Ní gá don rúnaí comhfhreagras dá leithéid a léamh don chruinniú ach cuirfidh sé/sí an comhfhreagras ar fáil do bhaill má iarrtar é sin.
- 9.2 Scaipfidh an rúnaí chuig baill roimh chruinnithe doiciméadúcháin a bhaineann le gnó na comhairle. Féadfaidh baill na hInstitiúide nach baill den chomhairle iad féin eolas a scaipeadh chuig an chomhairle sa chaoi seo má iarrann ball den chomhairle an scaipeadh seo. Sa chás nach meastar an scaipeadh seo a bheith

praiticiúil, cuirfidh an rúnaí an ball ar an eolas agus féadfaidh sé/sí sin an cheist a ardú ag an chéad chruinniú eile den chomhairle.

10. **Rúin**

- 10.1 Chomh fada agus is féidir ba chóir rúin a chur i scríbhinn agus a scaipeadh leis an chlár gnó. Is gá moltóir agus cuiditheoir do gach rún. Féadfaidh an moltóir labhairt i dtosach agus críochnú leis an rún. Féadfaidh an cuiditheoir cuidiú leis an rún go foirmiúil agus ansin a c(h)eart cainte a choimeád go dtí níos déanaí. Féadfaidh gach ball seachas an moltóir cead cainte aon uair amháin a éileamh; is ar dhiscréid an chathaoirligh a bheidh aon chaint eile. Beidh ceart freagartha ag an moltóir ag deireadh na díospóireachta.
- 10.2 Is gá moltóir agus cuiditheoir le haghaidh moltaí chun aon rún a leasú. Ní féidir le haon leasú an príomh-rún a chur ar neamhní. Cinnfear gach leasú san ord inar moladh iad roimh chríoch na díospóireachta. Sé an rún bunaidh, chomh maith le haon leasuithe a ritheadh, a bheidh mar rún substainteach. Cuirfear an rún substainteach os cóir an chruinnithe agus, sa chás go nglactar leis, is é sin a bheidh mar rún an chruinnithe.
- 10.3 Féadfar clabhsúr a chur ar dhíospóireacht le ceann ar bith de na rúin nós imeachta seo a leanas, viz.
- (a) go gcuirtear an cheist anois
 - (b) go gcuirtear an rún ar athló go dtí an chéad chruinniú eile
 - (c) go ngabhann an cruinniú ar aghaidh go dtí an chéad ghnó eile

Cuirfear rún nós imeachta dá leithéid seo, nuair a mholtar é agus nuair a chuidítear leis, os cóir an chruinnithe gan díospóireacht agus cinnfear é le tromlach simplí.

- 10.4 De ghnáth tiocfar ar chinntí na comhairle le comhthoil tar éis don rúnaí an moladh cruinn a léamh ar ais don chruinniú agus tar éis don chathaoirleach é a chur go foirmiúil don chruinniú. Beidh an vótáil ar chóras vóta dhíreach le taispeáint lámh ar iarratas ó bhall. Cinnfear ceisteanna le tromlach simplí ach amháin sa chás gur gá tromlach speisialta de réir na rialacha seasta seo. Beidh vóta breise réitigh ag an chathaoirleach i gcás vóta cothrom. Beidh vótáil um thoghcháin de réir nósanna imeachta a chinnfidh an chomhairle chuige sin.

11. **Léiriúchán na rialacha seasta**

Is rialú deiridh é rialú an chathaoirligh ar aon léiriúchán ar rialacha seasta, nó ar aon phointí oird nó mínithe, ach amháin sa chás go dtacaíonn tromlach speisialta le dúshlán ó bhall chuig aon rialú.

12. **Aon ghnó eile**

Sula gcuirtear clabhsúr ar chruinniú, iarrfaidh an cathaoirleach an bhfuil aon ghnó eile ata le breithniú ag an chruinniú.

13. **Coistí na comhairle**

13.1 Féadfaidh an chomhairle coistí nó grúpaí *ad hoc* a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna ar leith, de réir mar a mheasann an chomhairle a bheith cuí ó am go céile. Féadfaidh an chomhairle coistí a bhunú freisin faoi réir ag alt 10(4) den Acht um Cheardcholáistí Réigiúnacha 1992.

13.2 Cinnfidh an chomhairle comhdhéanamh agus téarmaí tagartha gach coiste. Féadfaidh an chomhairle, trí rún le tromlach simplí, coistí a scor nó comhdhéanamh, ballraíocht agus téarmaí tagartha coistí a athrú.

13.3 Beidh gníomhartha coistí faoi réir ag daingniúchán na comhairle, ach amháin i gcás go gcinneann an chomhairle a mhalairt. Cuirfidh coistí tuairisc chuig an chomhairle de réir mar a chinneann an chomhairle.

13.4 Ceapfaidh an chomhairle duine de bhaill gach coiste mar chathaoirleach. Toghfaidh gach coiste duine dá bhaill mar rúnaí an choiste.

13.5 Féadfaidh gach coiste a chuid rialacha féin um nós imeachta a chinneadh; ba chóir iad a bhunú go substainteach ar rialacha seasta na comhairle. Sé ceathrar ball an córam atá riachtanach um chruinniú bailí de choiste.

13.6 Beidh gach coiste freagrach as miontuairiscí a choimeád ar gach cruinniú a thionóltar. Seolfar cóip de na miontuairiscí daingnithe chuig an Chláraitheoir agus beidh siad ar fáil um iniúchadh. Miontuairiscí daingnithe amháin a sheolfar chuig an chomhairle.

13.7 *Buanchoistí*

13.7.1 Bunóidh an chomhairle cúig bhuanchoiste mar seo a leanas:

- (a) Pleanáil
- (b) Cláir
- (c) Caighdeáin acadúla
- (d) Foghlaim, teagasc agus rannpháirtíocht na mac léinn
- (e) Taighde

13.7.2 Beidh seachtar ball ar a laghad agus naonúr ball ar a mhéid ar gach coiste, mar seo a leanas:

- (a) an tUachtarán *ex-officio*
- (b) an Cláraitheoir

- (c) cúigear ball eile den chomhairle ar a laghad agus seachtar ball eile den chomhairle ar a mhéid; caithfidh triúr acu san ar a laghad a bheith ar fhoireann acadúil na hInstitiúide.

Ba chóir go léireodh coistí cothromaíocht idir an fhoireann acadúil, an bhainistíocht agus baill eile na Comhairle.

13.7.3 Is mar seo a leanas a bheidh téarmaí tagartha gach buanchoiste maidir lena shainchúram féin:

- (a) na míreanna sin a mholadh do chlár gnó na comhairle de réir mar a mheasann sé riachtanach chun a chinntiú go dtugann an chomhairle aghaidh ar gach gné dá shainchúram
- (b) páipéir maidir le díospóireacht, polasaí nó taighde nó treoir a ullmhú don chomhairle nó a n-ullmhú a chomhordú, as a stuaim féin nó ar iarratas na comhairle
- (c) monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ó rúin na comhairle
- (d) cuidiú le rúin, rialacháin etc. a dhréachtú, le faomhadh ag an chomhairle.

Déanfaidh gach coiste a théarmaí tagartha féin a leagan amach i gcomhthéacs na dtreoirlínte seo.

13.7.4 Beidh tuairisc ó gach buanchoiste ar an chlár gnó do gach gnáthchruinniú den chomhairle.

13.7.5 Cuirfear aon cheisteanna maidir le sainchúraimí na gcoistí ar leith faoi bhráid na comhairle lena gcinneadh.

13.8 *Coiste Ilchuspóirí*

13.8.1 Bunóidh an Chomhairle Coiste Ilchuspóirí, a thiocfadh le chéile idir gnáthchruinnithe na Comhairle Acadúla, ar iarratas ón Chláraitheoir nó ó bhall den Choiste, chun míreanna a phlé atá chomh práinneach sin go bhfuil gá le gníomhaíocht éigin roimh an chéad chruinniú eile atá sceidealta.

Féadfaidh an Coiste:

- (a) cinntí a dhéanamh maidir leis an ghnó atá ar láimh
- (b) moladh a dhéanamh go nglaofar cruinniú speisialta den Chomhairle
- (c) an mhír/na míreanna a chur ar aghaidh chuig an chéad ghnáthchruinniú eile den Chomhairle

Gníomhóidh an Cláraitheoir de réir cinntí an Choiste.

13.8.2 Beidh tuairisc ón choiste seo ar an chlár gnó le haghaidh gnáthchruinnithe na Comhairle.

13.8.3 Is iad seo a leanas a bheidh mar bhaill den Choiste:

- an tUachtarán
- an Cláraitheoir

- na Cathaoirligh (nó má bhíonn said as láthair, a rúnaithe) ar chúig bhuanchoistí na Comhairle.

14. Cumarsáid leis an Phobal Acadúil

Cuirfidh an Cláraitheoir agus Cathaoirligh na gCoistí achoimre bhliantúil gníomhaíochta faoi bhráid na Comhairle Acadúla; is féidir é a scaipeadh ansin ar na Boird Chláir.

15 ***Rúnaíocht***

Beidh an Cláraitheoir mar rúnaí na Comhairle Acadúla freagrach as

- (a) na taifid ar imeachtaí na comhairle, ar a n-áirítear miontuairiscí na comhairle agus a gcoistí agus an doiciméadúchán a ghabhann leo agus miontuairiscí na mbord cúrsa seolta chuig an chomhairle, a phróiseáil agus a chomhadú.
- (b) comhfhreagras a sheoltar chuig an chomhairle
- (c) rúin na comhairle a chur in iúl do na daoine nó na dreamanna cuí.

\críoch